

Ullmhaigh, Déan, Déanta

Uirlis pleanála feidhme feidhmiúcháin é Ullmhaigh, Déan, Déanta a thacaíonn le daltaí tuiscint a fhorbairt ar na gnéithe agus an próiseas ina ndéantar gníomhaíocht ilchéime sheicheamhach. Tacaítear sa chreat seo leis an smaointeoireacht amach anseo, ar gné í d'fheidhmiú feidhmiúcháin, lena n-áirítear an cumas pleanála, iompraíocht a eagrú agus a bhainistiú chun tascanna a dhéanamh laistigh d'amhráma. Is féidir é a úsáid leis an rang iomlán, le grúpa nó le dalta aonair.

Tosaítear an próiseas ina n-úsáidtear an uirlis seo agus aird ar an gcríoch, ag samhlú a mbeidh i gceist leis an tasc nuair a bheidh sé críochnaithe. Oibrítear trí na céimeanna seicheamhacha ina dhiaidh sin chun rudaí a dhéanamh (“Déan”) agus, ar deireadh, eagraítear acmhainní chun rudaí a ullmhú (“Ullmhaigh”).

Tá an uirlis dathchódaithe le buí le haghaidh ‘Ullmhaigh’, glas le haghaidh ‘Déan’ agus dearg le haghaidh ‘Déanta’. Is féidir é a úsáid le rudaí fisiciúla, nótaí Post-it, é a scríobh amach, a tharraingt nó a dhéanamh go digiteach, ach ba cheart go mbeadh sé dathchódaithe agus san ord i gcónaí a thugtar thíos:

- Taispeánann agus léiríonn múinteoirí a bhfuil i gceist le **‘Déanta’**.
- Déanann daltaí fadhbréiteach leis an múinteoir i dtaobh na gcéimeanna a theastaíonn lena spriocanna a bhaint amach agus na céimeanna agus an méid ama a thugtar sa mhír **Déan** a shainaithint le chéile.
- Deimhníonn daltaí ansin na hábhair ábhair a theastaíonn chun an tasc a dhéanamh sa cholún **Ullmhaigh**.
- Iarrtar ansin ar dhaltaí na hábhair siúd a bhailiú go neamhspleách, agus an tasc a dhéanamh san ord: **Ullmhaigh, Déan, Déanta**.
- Sa chéim dheiridh déantar comparáid idir an toradh deiridh agus an plean, a léirítear trí mhodh amhairc in **Déanta**.

3. Ullmhaigh

Cad a theastaíonn uaim?


2. Déan

Cad is gá dom a dhéanamh le go mbeadh an tasc déanta?

Cé chomh fada a ghlacfaidh gach céim?

1. Déanta?

Cén chuma a bheidh air nuair a bheidh críochnaithe agam?



4.

5.

6.